An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

**MRB 2 – Cur i láthair**

**Achoimre**

Tá dhá thosaíocht ag baint leis an Measúnú Rangbhunaithe seo: deis a thabhairt don scoláire a chuid eolais, scileanna agus tuisceana a chur i bhfeidhm i suíomhanna ón bhfíorshaol, agus a chuid scileanna cumarsáide a fhorbairt. Tugann an Cur i láthair deis don scoláire: an fheasacht atá aige mar fhoghlaimeoir a fhorbairt; measúnú a dhéanamh ar fhianaise agus machnamh a dhéanamh ar a luachanna; a chumas chun cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach a léiriú ag úsáid raon uirlisí atá coitianta sa timpeallacht ghnó; agus cinntí agus moltaí ciallmhara a dhéanamh.

Cuideoidh an Measúnú Rangbhunaithe seo leis an scoláire ábhar a d’fhoghlaim sé sa chúrsa a chur i bhfeidhm ina shaol laethúil, nascfaidh sé smaointe teoiriciúla le comhthéacsanna praiticiúla agus tosóidh sé ag forbairt scileanna machnaimh. Dearadh é le go mbeidh níos mó plé dearfach idir an scoláire agus an múinteoir ar ábhair spéise a bhaineann le cúrsaí gnó le linn na dtrí bliana staidéir.

Is tionscadal do dhuine aonair é an Cur i láthair. Cuimsíonn sé trí réimse gníomhaíochta: Iniúchadh; Breithiúnais eolasacha a dhéanamh; Cumarsáid.

Is féidir leis an scoláire comhoibriú lena chomhscoláirí nuair atá faisnéis ábhartha á bailiú ach ba chóir don mhúinteoir a chinntiú go bhfuil gach scoláire ábalta fianaise a sholáthar ina aonar chun Gnéithe Cáilíochta an mheasúnaithe seo a chomhlíonadh. **Le himeacht trí seachtaine**, rachaidh an scoláire i ngleic le trí réimse gníomhaíochta a chabhróidh leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil sa Mheasúnú Rangbhunaithe a ghiniúint:

1. **Iniúchadh**

Éilítear sa Chur i láthair ar an scoláire ábhar a bhaineann le cúrsaí gnó a iniúchadh agus é a chur i láthair. D’fhéadfadh go mbeadh baint dhíreach ag an ábhar a roghnaítear le sain-inneachar de chuid an chúrsa nó d’fhéadfadh an scoláire rogha a dhéanamh staidéar a dhéanamh ar shaincheist a bhfuil tábhacht phearsanta nó áitiúil léi, ar an gcuntar go mbaineann sí leis an timpeallacht ghnó.

Tá siad seo a leanas i measc na n-ábhar a d’fhéadfadh a bheith i gceist: Cuairt allamuigh ar fhiontar áitiúil; Iniúchadh ar scéal sna meáin a bhaineann le cúrsaí gnó; Ceannairí i réimse gnó na hÉireann; Iniúchadh ar thionchar eagraíochta ar phobal; Tomhaltachas; Iniúchadh ar shaincheist eacnamaíoch reatha; Gairmeacha beatha i gcúrsaí gnó

Ní féidir leis an scoláire cur i láthair a dhéanamh ar a Mheasúnú Rangbhunaithe don Ghnó á chur i ngníomh. A luaithe a bheidh a ábhar spéise roghnaithe ag an scoláire, tabharfaidh sé faoi bhunobair iniúchta chun níos mó a fháil amach faoin ábhar. Tosóidh an scoláire ag bailiú faisnéise ó bhunfhoinsí agus/nó ó fhoinsí tánaisteacha m.sh. cruinniú/agallamh a eagrú nó taighde ar líne. Toisc go bhfuil na roghanna 28 ábhair an-leathan, agus ag cur aois, chumas agus spéis an scoláire agus na tréimhse atá i gceist san áireamh, ba chóir don scoláire díriú ar ghné amháin den ábhar.

Tá sé tábhachtach don scoláire taifead a choinneáil ar fhoinse/fhoinsí an eolais ar fad a bhaileofar chun go mbeidh sé in ann a iontaofacht agus a cháilíocht a mheas. Is iomaí dearcadh is féidir a léiriú ar go leor ábhar a bhaineann le cúrsaí gnó agus ba chóir an scoláire a spreagadh chun tuairimí éagsúla a chur san áireamh.

## 2. Machnamh ar an bhfoghlaim

Tar éis dó roinnt bunobair iniúchta a dhéanamh ar an ábhar a bhaineann le cúrsaí gnó, ba chóir don scoláire: Measúnú a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim sé faoin timpeallacht ghnó de thoradh an iniúchta; Machnamh a dhéanamh ar cibé an bhfuil léargas difriúil aige ar an domhan agus ar an gcaoi ar athraigh a léargas, agus ar an gcaoi ar athraigh a iompar i ndiaidh dó dul i ngleic leis an ábhar seo, má d'athraigh.

Áireofar leis sin, mar shampla: Tábhacht an ábhair ó thaobh cúrsaí pearsanta, áitiúla, sóisialta nó comhshaoil a fhiosrú; A chuid eolais, tuisceana agus smaointe a bhaineann leis an ábhar roghnaithe a chur i bhfeidhm; Tuairimí difriúla a bhaineann leis an ábhar roghnaithe a mhíniú nuair is cuí; Machnamh a dhéanamh ar an méid a chreid sé faoin ábhar roimh an iniúchadh agus ar an méid a chreideann sé anois; Machnamh a dhéanamh ar cibé an bhfuil a iompar nó a dhearcadh athraithe i ndiaidh tuilleadh a fhoghlaim faoin ábhar agus ar an gcaoi ar athraigh siad, má d'athraigh. I mbeagán focal, ba chóir don scoláire iarracht a dhéanamh teacht ar thuairim phearsanta maidir leis an ábhar a bhaineann le cúrsaí gnó. Ba chóir an bonn cirt atá leis an tuairim sin a fháil sa bhunobair iniúchta a rinneadh.

## 3. Cumarsáid

Déanfaidh gach scoláire cur i láthair ó bhéal faoin méid a d'fhoghlaim sé ón imscrúdú a rinne sé ar ábhar a bhaineann le cúrsaí gnó. Ba chóir dó an fhaisnéis a chur i láthair ina chuid focal féin chun a léiriú go bhfuil tuiscint phearsanta aige ar an eolas agus ar na smaointe a bhaineann leis an ábhar roghnaithe. Tosaíocht de chuid an mheasúnaithe seo is ea muinín a spreagadh i scileanna cuir i láthair 29 Ag ullmhú An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích An leibhéal gnóthachtála a chinneadh Na chéad chéimeanna eile agus cumarsáide an scoláire. Ba chóir an scoláire a spreagadh chun a chur i láthair a thriail amach agus a chleachtadh. Cé go ndéanann an múinteoir monatóireacht ar an gcéim seo den tasc, is é an scoláire féin a dhéanann an t-ullmhúchán, ar bhonn aonair nó ag comhoibriú go gníomhach, stuama mar chuid de ghrúpa.

Ba chóir go leanfadh an cur i láthair an struchtúr seo a leanas: Forbhreathnú gairid a shainaithint agus a thabhairt ar an ábhar a bhaineann le cúrsaí gnó; A spéis san ábhar a mhíniú; Measúnú a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim sé faoin timpeallacht ghnó de thoradh a iniúchta ar an ábhar; Machnamh a dhéanamh ar cibé an bhfuil léargas difriúil aige ar an domhan agus ar an gcaoi ar athraigh a léargas, agus ar an gcaoi ar athraigh a iompar i ndiaidh dó dul i ngleic leis an ábhar seo, má d'athraigh; Tuairim a thabhairt ar an ábhar a bhaineann le cúrsaí gnó; Forbairt a chuid scileanna cumarsáide a thaispeáint.

### Fianaise ar fhoghlaim

Mar threoir, ba chóir go mairfeadh an cur i láthair suas le trí nóiméad in aghaidh an scoláire lena n-áirítear am a chuirtear ar leataobh chun an t-ábhar a phlé leis an lucht féachana. D'fhéadfadh tacaíocht an mhúinteora do chumarsáid an scoláire, i bhfoirm ceisteanna nó idirghabhálacha, a bheith mar chuid den chur i láthair. Féadfaidh scoláire labhairt le cabhair nótaí nó dá n-uireasa, agus tá cead aige script ullmhaithe a léamh.

Is féidir leis an scoláire réimse ábhair agus uirlisí tacaíochta difriúla a úsáid amhail ábhar spreagtha, teicneolaíocht dhigiteach, léiriúcháin tháblacha nó ghrafacha, póstaeir, nó scéalchlár, ag cur chomhthéacs uathúil na scoile agus inniúlachtaí agus ábhair spéise an scoláire aonair san áireamh. Spreagtar úsáid a bhaint as ábhair tacaíochta dhifriúla chun tacú leis an gcur i láthair ó bhéal agus

faightear luach saothair nuair a úsáidtear iad chun an cur i láthair a scafláil nuair is iomchuí. Déanann an scoláire an cur i láthair ina aonar. Cuirtear an measúnú seo isteach i mí na Nollag de Bhliain a Trí.

**Na Gnéithe Cáilíochta**

Déantar cur síos sna Treoirlínte ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair an Chuir i láthair. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí is fearr a oireann d'obair an scoláire.

**Dátaí Tábhachtach**

| | |
|---|---|
| An tréimhse ina gcaitheann an scoláire trí seachtaine ag cur an Chuir i láthair i gcrích | Dé Luain, an 12 Samhain go dtí Dé hAoine, an 7 Nollaig 2018 |
| An dáta deiridh chun an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích | Dé hAoine, an 14 Nollaig 2018 |
| An dáta deiridh a bhronnfaidh an múinteoir Tuairisceoirí | Dé Luain, an 17 Nollaig 2018 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích | Dé hAoine, an 21 Nollaig 2018 |